# Treoir Sholéite maidir le

# Foirm Iarratais ar Thacaíocht Tithíochta Sóisialaí a Chomhlánú



**An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil**
Department of Housing, Planning, Community and Local Government

## Cad faoi a bhfuil an fhoirm?



Iarratas atá san fhoirm seo ar d'Údarás Áitiúil ar thithíocht shóisialta.

Má bhíonn deacrachtaí agat an fhoirm seo a chomhlánú, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le Rannóg Tithíochta d'Údaráis Áitiúil nó le hIonad um Fhaisnéis do Shaoránaigh.


Tá sé tábhachtach go bhfreagraíonn tú na ceisteanna go léir a bhaineann leat. Ba cheart duit n/b a scríobh mura mbaineann na ceisteanna leat.

Citizens Information

Scríobh do chuid freagraí go soiléir, le do thoil.




Tá ort cáipéisí eile a sheoladh ar ais leis an bhfoirm. Tá seicliosta ann chun cabhrú lena chinntiú go gcuimhníonn tú ar gach rud. Ní phróiseálfar an fhoirm mura seoltar gach rud ar ais.



Bíodh cóip agat de gach rud sula seolann tú ar ais é chuig an Údarás Áitiúil.

Féadfaimid iarraidh ort breis faisnéise a thabhairt níos déanaí.



## Cén fhaisnéis an gcuirim san áireamh ar an bhfoirm?

Beidh ort gach Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) a áireamh do gach duine a chónaíonn i do theach óna dteastaíonn tithíocht.

PPS Nº
Personal Public Service

Murab eol duit uimhir PPS linbh, féadfaidh tú í a fháil trí ghlao ar an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil i do cheantar nó cuairt a thabhairt uirthi.




Caithfidh tú faisnéis faoi d'ioncam a chur san áireamh.

Is ionann ioncam agus aon airgead a fhaigheann tú ó oibriú nó ó leas sóisialach.



Má tá tú ag oibriú, féadfaidh tú foirm P60, nó 4 cinn de na 6 dhuillín pá dheireanacha a sheoladh ar ais.


0834 FULL NAME HERE 20/01/2006 NP000000B
Gross Salary 1.00 3750.00 3750.00
Monthly
Payment Method:
Cheque
PAYE Tax 845.18
National Insurance 265.82
FULL NAME
35 ANYWHERE COURT
KENSINGTON
SW3 000
Tax Period: 10 Tax Code: 488L
Total Gross Pay 3750.00
Gross for Tax 3750.00
Earnings for NI 2730.00
Total Gross Pay TD 37500.00
Gross for Tax TD 37500.00
Tax Paid TD 8451.90
Earnings for NI TD 27300.00
National Insurance TD 2658.20
COMPANY NAME
Net Pay 2639.10

Má tá tú féinfhostaithe, caithfidh tú cuntais 2 bhliain, ar a laghad, nó ráiteas P21 a sheoladh ar ais.

Má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil agat, beidh ort ráiteas ón Roinn Coimirce Sóisialaí a chur san áireamh.

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Féadfaidh tú labhairt le d'Údarás Áitiúil faoi seo.

## Cén fhaisnéis eile a theastaíonn?

Má mheasaimid go bhféadfadh go bhfuil baint ag duine in iompar frithshóisialta, féadfaimid fiafraí de ghníomhaireachtaí eile, ar nós na nGardaí.

Má athraíonn tú do sheoladh nó má athraíonn d'ioncam, caithfidh tú sinn a chur ar an eolas.

B'fhéidir go ndéanfaimid teagmháil leat níos déanaí chun aon fhaisnéis eile a theastaíonn uainn a fháil.

## Cá féidir liom iarratas a dhéanamh ar thacaíocht tithíochta sóisialta?



Ní féidir leat ach iarratas a dhéanamh ar Údarás Áitiúil amháin.

Caithfidh an tÚdarás Áitiúil seo bheith sa cheantar inar gnách duit agus do theaghlach cónaí.

Beidh lógó an Údaráis Áitiúil don áit ba mhaith leat cónaí ann ar thosach na foirme iarratais.

Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar cheantar eile má tá ceangal áitiúil ag duine a chónaíonn sa teach leis an gceantar sin.



Bíonn ceangal áitiúil ag duine sna cásanna seo a leanas:


- bhí cónaí ag an duine i gceantar ar feadh 5 bliana,
- oibríonn an duine laistigh 15km den cheantar,
- freastalaíonn an duine ar scoil nó ar choláiste ansin,
- teastaíonn seirbhísí oideachais nó sláinte ón duine sa cheantar sin, nó
- tá gaol leis an duine sin ag cónaí sa cheantar ar feadh breis agus 2 bhliain.



## An Seicliosta:

Tá seicliosta san fhoirm agus áirítear leis seo an fhaisnéis bhreise go léir is gá a chur san áireamh.

Caithfidh tú cuimhneamh ar sheicliosta comhlánaithe a sheoladh ar ais nó ní phróiseálfar d'fhoirm.




**Caithfidh an méid a leanas a bheith in éineacht le gach foirm**

- Aitheantas grianghraif (pas nó ceadúnas tiomána)

- Teastais bhreithe do gach duine atá sa teach.


- Uimhreacha PPS do gach duine atá sa teach atá ag cur isteach ar thithíocht.


- Cruthúnas seolta (ar nós bille).

- Cruthúnas saoránachta nó cead chun fanacht in Éirinn.

- Cruthúnas ioncaim.

- B'fhéidir go mbeidh foirm ó na Coimisinéirí Ioncaim/Fostóir/Leas Sóisialach ag deireadh na foirme. Is gá don oifig cheart í a chomhlánú.




Revenue

## An Seicliosta (ar leanúint)

**Má bhaineann sé leat, seol ar ais é**

- Deimhniú pósta.




- Cruthúnas idirscartha nó colscartha.

- Faisnéis faoi aon mhaoin nó talamh atá agat nó a bhíodh agat.

- Cruthúnas go bhfuil ceangal agat leis an gceantar áitiúil mura gcónaíonn tú ansin.

- Litir ó Údarás Áitiúil san áit a mbíodh cónaí ort roimhe seo.

- Cruthúnas i leith aon riocht leighis nó míchumais, má bhaineann sin.



### Tá 15 chuid san fhoirm agus seo treoir maidir leis na codanna siúd:

Cuid 1: Baineann seo le do shonraí, ar nós d'ainm, do sheolta agus do dháta breithe, agus rudaí eile.





Má tá iarratas á dhéanamh agat le do pháirtnéir, comhlánóidh siad an chuid den fhoirm "Iarratasóir 2" an bealach go léir tríd an bhfoirm.

Cuid 2: Cuirtear ceisteanna sa chuid seo faoin áit ar rugadh thú.



Cuid 3: Fiafraítear an bhfuil tú pósta – cuir tic sa bhosca ceart.

Cuid 4: Fiafraítear faoi d'obair, más ann di.




Cuid 5: Fiafraítear faoi d'ioncam – ó leas sóisialach nó obair.

Cuid 6: Fiafraítear faoi aon iarratasóirí eile a d'fhéadfadh bheith ann.



Cuid 7: Fiafraítear faoi aon riocht leighis nó míchumas a d'fhéadfadh bheith ort. B'fhéidir go bhfuil litreacha agat ó dhochtúirí atá le ceangal.

Cuid 8: Fiafraítear cén fáth gur mhian leat cónaí sa cheantar a bhfuil tú ag cur isteach air.



Cuid 9: Fiafraítear faoin áit a gcónaíonn tú anois.

Cuid 10: Fiafraítear faoin áit ar chónaigh tú roimhe seo.

Cuid 11: Fiafraítear faoi aon mhaoin nó talamh a d'fhéadfadh bheith agat. Cuir n/b sna boscaí mura mbaineann na ceisteanna seo leat.



Cuid 12: Fiafraítear an raibh tú i dtrioblóid leis na Gardaí riamh.

Cuid 13: Fiafraítear cén saghas tí ba mhaith leat.



Cuid 14: Fiafraítear cár mhaith leat cónaí – féadfaidh tú 3 cheantar a roghnú.

Cuid 15: Is féidir leat aon fhaisnéis eile a sholáthar sa chuid seo a cheapann tú a chabhródh le d'iarratas.





Ag deireadh na foirme iarratais, tá mír ann atá le síniú agat ar a dtugtar 'Dearbhú'.

Léigh é seo go cúramach agus sínigh é, má tá an dara hiarratasóir ann, ba cheart duit iarraidh orthu é a shíniú chomh maith.




## Cá dtugaim an fhoirm?

Ba cheart an fhoirm a thabhairt chuig an gcuntar Cúram Custaiméirí in Oifig an Údaráis Áitiúil.



D'fhorbair Ionchuimsiú Éireann an Cháipéis Sholéite seo don Ghníomhaireacht Tithíochta. Rinne fir agus mná faoi mhíchumas léamh profaí ar an gcáipéis.

"© Lógó Soléite Eorpach: Ionchuimsiú na hEorpa

Tá breis faisnéise ar fáil ag www.easy-to-read.eu".

made with photosymbols®

COMHAIRLE CATHRACH & CONTAE Luimnigh
Limerick CITY & COUNTY COUNCIL

**Seirbhísí Tacaíochta Pobail**

**Cé na gCeannaithe**

**061 407120**